



An Roinn Oideachais  
Department of Education

## Nuachtlitir Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Fáilte chuig eagrán an Mhárta 2024 agus an 14ú foilseachán de nuachtlitir na Roinne Oideachais maidir le **hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)**. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a chuir leis. Tá súil againn go mbaineann tú taitneamh as an eagrán seo, agus go bhfaigheann tú inspioráid, smaointí agus naisc agus acmhainní úsáideacha chun cabhrú leat do ról a ghlacadh san fhorbairt inbhuanaithe.

### OFI i gContae Luimnigh agus an Longfoirt – Ag Iarraidh ar Gach Institiúid Oideachais!

An bhfreastalaíonn tú ar, an oibríonn tú do nó an gcomhoibríonn tú le heagraíocht nó institiúid oideachais in **Luimneach** agus **sa Longfort** a bhfuil gníomhartha á ndéanamh acu ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe? Más ea, ba mhaith linn cloisteáil uait don 15ú eagrán den Nuachtlitir OFI!

### OFI i Scoileanna

Más mian leat na gníomhartha atá á ndéanamh agat i réimse na forbartha inbhuanaithe i do scoil a roinnt agus é a chur isteach in eagrán na nuachtlitreach OFI amach anseo, déan teagmháil le [ESD@education.gov.ie](mailto:ESD@education.gov.ie). Gheobhaidh tú **Dearbhán One-For-All €500** ón Roinn Oideachais má fhoilsímid do pháosa!

# ÁBHAIR

<b>1. OFI go 2030 – an t-Eolas is Déanaí</b>	<b>4</b>
a. Nuachtlitir ESD	4
b. Forbairt an Churaclaim	4
An Ardteistiméireacht - Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe	4
c. An Clár Painéil Ghréine do Scoileanna - uasdátú	6
d. Sraith Straitéisí Inbhuanaitheachta do scoileanna	6
e. Póstaerí SDG agus Bileog Eolais <b>NUA</b> do Scoileanna	7
<b>2. OFI Ar Fud na Tíre – Laois agus Liatroim</b>	<b>8</b>
a. OFI i gCo. Laoise	8
b. OFI i gCo. Liatroma	11
<b>3. Uasdátuithe Scoile</b>	<b>12</b>
a. OFI ag Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha	12
b. OFI ag SS Michael agus Peter JNS an Inbhir Mhóir	13
c. Scoil Réalt na Mara – Turas go dtí an Fhrainc don Tionscadal Inbhuanaitheachta	14
<b>4. Comórtais</b>	<b>16</b>
a. OFI go 2030 Comórtas Nuachtlitir an Mhárta – Roinn DO 3 Ghníomh Simplí!	16
b. Buaiteoir Comórtais na Nollaig - Comórtas Páirceanna Náisiúnta	16
c. Buann Éire an phríomhdhuais ag an gcomórtas Idirnáisiúnta Junk Couture don dara bliain as a chéile.	17
d. Bithéagsúlacht i Scoileanna – Wildwalls!	17
e. Buaigh Bosca Dúlra SAOR IN AISCE!	18
f. Bord na Móna – Comórtas Uaschúrsála na Scoileanna	19
h. ECO-EOECNA – Gradaim an Chomhshaoilaí Óig, 2024	22
i. Comórtas Póstaer na Scoileanna Glasa – Fógraíodh an Buaiteoir	24
<b>5. Cláir, Acmhainní agus FGL</b>	<b>26</b>
a. Trí Ghníomh Shimplí – SFI 7 - Fuinneamh Inacmhainne agus Glan	26
b. WWGS – Comhdháil Bhliantúil Múinteoirí - 1 Feabhra	27
c. Scéim um Aisíoc Táillí do Mhúinteoirí	28
d. Acmhainn um Athrú Aeráide do Bhunscoileanna	28
g. Bithéagsúlacht i Scoileanna	32
h. An Chomhairle Oidhreacht - Clár Nua do Bhunscoileanna	33
i. Oideachas Saoránachta Domhanda - Deiseanna do Mhúinteoirí Bunscoile	34
j. Ionad Athfhionnachtana – Ceardlanna do Ghrúpaí Bunscoile agus Óige	36
<b>6. Earnáil IAO</b>	<b>39</b>
a. OTA –Teastas Digiteach san Inbhuanaitheacht	39
b. Nuacht OFI ó OT Bhaile Átha Cliath	40

c. Oifigeach Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe – UCC.....	41
d. Máistir Oideachais san Oideachas d’Inbhuanaitheacht agus Saoránacht Dhomhanda	42
e. Nuacht Eile agus Tuairiscí Suas Chun Dáta ó Earnáil an Údaráis um Ard-Oideachas.	43
a. Líonra OFI sa Tóiceo – Mí na Nollag 2023 .....	45
b. Tuarascáil GEM – Gníomhaíochtaí in 2024 .....	47
a. ISSU – Imeachtaí SFlanna agus Mise agus Díospóireacht le do Chinnteoirí .....	49
Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar imeachtaí ISSU atá le teacht, féach le do thoil	
Imeachtaí — ISSU   Aontas na Mac Léinn Dara Leibhéal Gaeilge.....	49
b. Seaimpíní SDG 2024 - 2025 - Glao ar Léirithe Suime .....	50
c. Clár Tóg 1 ag an gComhdháil Comhshaoil Dhomhanda 2024.....	51
d. Éicea-Shráidbhaile Chloch Shiurdáin.....	52
e. Nuacht faoi Ghníomhú ar Son na hAeráide – Eagrán Fheabhra 2024 Foilsithe .....	54
f. An Príomh-Oifig Staidrimh – SFI 1: Deireadh le Bochtaineacht .....	55
g. COP28 – Machnaimh .....	56

# 1.OFI go 2030 – an t-Eolas is Déanaí



## a. Nuachtlitir ESD

Ag tús na bliana 2024, chuireamar fáilte roimh ár 1000<sup>ú</sup> síntiúsóir leis an Nuachtlitir OFI. Bígí linn agus muid ag roinnt an nuacht dhearfach agus na gníomhaíochtaí go léir atá ar siúl ar fud na hearnála oideachais chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn – seol do chuid nuachta chuig [ESD@education.gov.ie](mailto:ESD@education.gov.ie) agus cláraigh leis an nuachtlitir [anseo](https://www.ansco.gov.ie/).

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

## b. Forbairt an Churaclaim

An Ardteistiméireacht - Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe



**Bíodh do dheis labhartha agat - dréacht-sonraíocht don Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe amach anois le haghaidh comhairliúcháin.**

Tá an dréacht-sonraíocht d'ábhar nua na hArdteistiméireachta Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe amach anois le haghaidh comhairliúcháin.

Is éard atá i gceist leis an gcomhairliúchán ná rannpháirtíocht dhomhain le réimse leathan páirtithe leasmhara ar fud na hÉireann.

Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) teagmháil le scoileanna chun páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpaí atá bunaithe i scoileanna atá comhdhéanta de mhúinteoirí, scoláirí agus ceannairí scoile.

Is féidir leat do chuid tuairimí a roinnt trí shuirbhé ar líne. agus/nó aighneacht ar líne.

Is féidir leat teacht ar shonraí iomlána faoin gcomhairliúchán agus an dréacht-sonraíocht anseo: [Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe | CNCM](#)

### **An t-ábhar nua a chur i bhfeidhm**

Is é Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe ábhar amháin as dhá ábhar nua a forbraíodh mar chuid don Athfhorbairt don tSraith Sinsearach, ag cur rogha níos fearr ar fáil do scoláirí chun léiriú níos fearr a thabhairt dá suimeanna agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ar réimse níos leithne tallann agus scileanna.

Tabharfar na hábhair seo isteach ar bhonn céimneach sa bhliain 2025.

Tabharfar cuireadh do scoileanna bheith páirteach i líonra scoileanna a bhfuil an dá ábhar seo á chur ar fáil acu ar bhonn céimneach.

Fógrófar an próiseas iarratais go luath agus tabharfar tuilleadh sonraí do scoileanna.

### **Cad a bheidh i gceist leis an dréacht-sonraíocht**

Cuireann Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ar chumas scoláirí cur chuige a chur i bhfeidhm atá idirdhisciplíneach agus dírithe ar réitigh maidir le bheith i do chónaí i ndomhan inbhuanaithe agus iad ag dul i mbun dúshlán casta agus inbhuanaitheachta, lena n-áirítear an géarchéim aeráide.

Leagtar amach leis an dréacht-sonraíocht saineolas, scileanna, luachanna agus meonta do scoláirí i gceithre sraith - An Domhan; Daoine, Cumhacht agus Áit; Ceangail Dhomhanda; agus an sraith Tascanna Foghlama Feidhmí.

Tá dhá ghné measúnaithe ag an dréacht-sonraíocht: scrúdú scríofa agus gné measúnaithe eile atá comhdhéanta de Thionscadal Gníomhaíochta.

**Dúnfaidh an comhairliúchán seo ar an 5 Aibreán 2024.**

## **Bunscoil – Oideachas Sóisialta agus Timpeallachta**

Is é Oideachas Sóisialta agus Timpeallachta ceann de na réimsí ábhair nua faoin gCreat Curaclaim Bunscoile, a foilsíodh i mí Márta 2023.

Foilsíodh an dréacht-sonraíocht don ábhar nua le déanaí ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.

Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-sonraíocht agus/ nó do chuid tuairimí a chur ar fáil ina leith, féach [Consultation 2024 | NCCA](#)

## Dúnfaidh an comhairliúchán seo ar an 7 Meitheamh 2024.

Beidh an CNCM ag dul i gcomhairle le leanaí chomh maith maidir leis an sonraíocht seo i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Oideachais Marino.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

## c. An Clár Painéil Ghréine do Scoileanna - uasdátú

Ar an 23 Samhain 2023, d'fhógair an Roinn Oideachais an **Clár Fótavoltach do Scoileanna**.

Amhail an 28 Feabhra 2024, as na 1628 scoil ar tugadh cuireadh dóibh iarratas a chur isteach ar chéad chéim Chlár PV na Scoileanna, léirigh 1467 scoil go raibh suim acu sa scéim tríd an Mol Scoile ar líne (90%).

Tá tuilleadh sonraí, lena n-áirítear forléargas ar an gclár agus CCanna teicniúla ar fáil ar an suíomh gréasáin ag: <https://www.gov.ie/en/publication/562dd-schools-photovoltaic-programme/>.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

## d. Sraith Straitéisí Inbhuanaitheachta do scoileanna

Ná déan dearmad breathnú ar OFI go 2030 Sraith Straitéisí Inbhuanaitheachta atá comhdhéanta d'iniúchadh inbhuanaitheachta féin-mheasúnaithe, treoirlínte inbhuanaitheachta agus teimpléad ráitis beartais inbhuanaitheachta. Ceiliúir agus roinn an méid atá á dhéanamh ag do scoil chun an fhorbairt inbhuanaithe a thacú agus a chur chun cinn trí Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta do Scoile a fhorbairt agus breathnaigh ar na treoirlínte A - Z chun roinnt smaointí iontacha a fháil chun gníomhú i leith na hinbhuanaitheachta. Tá an sraith straitéisí ar fáil [anseo](#).

Bhí seisiún eolais ag ESCI maidir le OFI agus an Sraith Straitéisí Inbhuanaitheachta ar an 24 Deireadh Fómhair 2023. Tá taifead ar an ócáid ar fáil ag: [ESCI - Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann - Cúrsaí agus seimineáir ghréasáin imeachtaí do Mhúinteoirí Bunscoile agus Meánscoile in Éirinn](#)

**TABHAIR FAOI DEARA:** Beidh ar iarratasóirí do mhaoiniú OFI i mí Mheán Fómhair 2024 a Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta a fhoilsiú ar suíomh gréasáin a scoile.

Má tá do ráiteas foilsithe agat cheana féin, agus más mian leat é a roinnt, cuir ar an eolas muid – [ESD@education.gov.ie](mailto:ESD@education.gov.ie)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

## e. Póstaeir SDG agus Bileog Eolais NUA do Scoileanna


D'eisigh an Roinn dhá chóip de phóstaer maidir leis na **17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe** chuig gach scoil i mí Mheán Fómhair 2022, chomh maith le bileog eolais maidir le **Straitéis Náisiúnta nua n hÉireann maidir le hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: OFI go 2030**, agus conas rochtain a fháil ar acmhainní do scoileanna.

Má tá cóipeanna sa bhreis den phóstaer agus an bileog eolais is déanaí ag teastáil uait, seol ríomhphost chuig [ESD@education.gov.ie](mailto:ESD@education.gov.ie).

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)



## 2. OFI Ar Fud na Tíre – Laois agus Liatroim



### a. OFI i gCo. Laoise

#### Plean Forbartha Contae – Todhchaí a Thacaíonn le hAeráide Laoise

Tá Comhairle Contae Laoise i mbun Plean Forbartha Contae nua a dhréachtú, a bhfuil cúrsaí aeráide chun tosaigh agus sa lár. Tá tús curtha ag an gComhairle cheana féin leis an bpróiseas comhairliúcháin le saoránaigh an Chontae chomh maith le hionadaithe poiblí. Leanfar leis na comhairliúcháin seo ar feadh an phróisis dréachtaithe.

#### Tithíocht

“Comhchuid lárnach is ea tithíocht a sholáthar ar bhealach dlúth, inbhuanaithe a chomhtháthaíonn níos fearr le modhanna iompair inbhuanaithe chun a bheith ag brath níos lú ar úsáid feithicle aonair.”

Is é rogha na Comhairle maidir le forbairt chónaithe laistigh de lár na mbailte agus na sráidbhailte, ag leagan síos sprioc de ar a laghad 30% de thithíocht a thógáil sna ceantair seo.

Feictear go bhfuil leas sóisialta agus eacnamaíoch ag baint le hathfhorbairt tailte athfhorbraíochta (talamh a forbraíodh roimhe seo, a bhfuil nó a bhí áitithe ag struchtúr buan).

Creidtear go gcuirfeadh sé seo athghiniúint uirbeach chun cinn agus go dtacódh sé le fás agus athghiniúint na suíomhanna tearcúsáidte i mbailte agus sráidbhailte ar fud Laoise. Go sonrach, breathnaítear ar athfhorbairt na láithreán seo mar bhealach chun cur le hinmharthanacht seirbhísí, siopaí agus iompar poiblí; soláthar tithíochta a mhéadú; agus níos mó daoine a chumasú le bheith níos gaire do dheiseanna fostaíochta agus áineasa. 1,709 láithreán den sórt sin aitheanta, arb ionann é agus 33% den leithdháileadh



teaghligh don Chontae. Cuirfear iompar san áireamh i ngach athrú agus feabhsú a dhéanfar ar chúrsaí tithíochta – gné bhunúsach eile den Phlean Forbartha.

Le níos mó tithe á gcruthú i gceantair uirbeacha, táthar ag súil go mbeadh laghdú ar an éileamh taistil, agus tá sé beartaithe ag an gComhairle tosaíocht a thabhairt do rothaíocht, siúl, agus iompar poiblí.

## Talamh Tuaithe – Portaigh, Coillearnach & Talmhaíocht

Deir an Chomhairle go dtabharfaidh siad tacaíocht d'ainmiú Páirce Náisiúnta do cheantar na dtailte móna i Lár na Tíre

Is éard a bheidh i gceist leis seo ná scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht turasóireachta na mbealaí móna, mar nasc slí móna ó Chúil an tSúdaire go dtí an Chanáil Mhór agus Féarbhealach na Bearú.

Beidh sé seo mar chuid den phleanáil straitéiseach níos fadtéarmaí do limistéir thailte móna tionsclaíochta, atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta.

Tá limistéir tailte móna le caomhnú riachtanach dá dtábhacht éiceolaíoch, rialú aeráide, seandálaíochta, cultúrtha agus oideachais.

Tá an Chomhairle ag beartú leathnú na hearnála foraoiseachta, lena n-áirítear foraoisiú (foraois nó clampa crann a bhunú i gceantar nach bhfuil clúdach crann ann faoi láthair).

Deir siad go mbeidh sé seo mar chuid dá dtacaíocht do chruthú agus do chosaint “tírdhreacha éiceolaíochta athléimneacha agus éagsúla, a chabhróidh le raon leathan speiceas a chothú.”

Déanfar iniúchadh ar fhorbairt bhonneagar bóithre agus iarnróid tréigthe le haghaidh siúlóide agus rothaíochta. Tá fonn ar an gComhairle freisin tacú le neodracht carbóin sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta agus úsáide talún “trí thalmhaíocht inbhuanaithe, bainistíocht talún agus éifeachtúlacht acmhainní níos fearr.”

Cuid de seo beidh éagsúlú an gheilleagair tuaithe chun roghanna inmharthanachta barr a mhéadú.

## Fuinneamh in-athnuaite

Tá an Chomhairle ag tabhairt tosaíochta d'fhorbairt fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar hidreafhuinneamh, bithfhuinneamh, gaoth, gréine agus geoteirmeach.

Áireofar leis seo teicneolaíochtaí a bhaineann úsáid as féar le haghaidh eastóscadh fuinnimh, amhail díleá anaeróbach.

Beidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite faoi stiúir an phobail a mbeidh tacaíocht thromlach an phobail acu

Tabharfar isteach painéil ghréine fótvoltach i bhfoirgnimh phoiblí agus phobail nua chun leictreachas a ghiniúint, a stóráil agus chun críocha téimh uisce.

## Pobal

Tá fonn ann sochaí níos éagsúla agus níos cuimsithí go sóisialta a éascú, ag díriú ar chomhionannas deiseanna agus ar chaighdeán maireachtála níos fearr do gach saoránach.

Éireoidh foirgnimh scoile nua agus reatha chomh féinchothabhálach agus is féidir, agus an Chomhairle ag iarraidh spleáchas ar bhreosla iontaise a sheachaint.

Spreagfaidh an Chomhairle garraíodóireacht phobail, cuibhinn agus úsáid eile de spás oscailte chun oideachas agus cleachtas maireachtála carbóin níos ísle a éascú.

Tabharfar isteach úsáid theicneolaíocht an Díon Glas, go háirithe ar fhoirgnimh árasán, tráchtála, fóillíochta agus oideachais.

## Turasóireacht

Deir an Chomhairle go ndéanfaidh siad “Laois a chur chun cinn mar mhol don turasóireacht inbhuanaithe,” dírithe ar ‘ghníomhaíochtaí ísealtionchair’ amhail treodóireacht, slatiascaireacht, eachaíocht, faire éan, cadhcáil, paragliding, grianghrafadóireacht agus go leor eile.

Tá fonn ann nascacht agus inrochtaineacht ar iompar poiblí, bonneagar siúil agus rothaíochta, agus Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a mhéadú.

Beidh gá le gach togra forbartha nua a bhaineann le turasóireacht chun an éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú.

Tá sé molta ag an gComhairle go leathnófaí turasóireacht thart ar Shléibhte Shliabh Bladhma, Uiscebhealaí Intíre, bailte agus sráidbhailte stairiúla, geothurasóireacht, turasóireacht bunaithe ar bhia, turasóireacht diaspora agus turasóireacht spioradálta.

## Tuilte

Tá roinnt beart leagtha amach freisin a measann an Chomhairle go bhfuil siad ríthábhachtach chun cosaint a dhéanamh ar thuilte.

Le haghaidh tuilleadh, féach: [County Development Plan - A climate-friendly future for Laois - Laois Today](#)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

## b. OFI i gCo. Liatroma



### Ár dTodhchaí Tuaithe: Oscailt an ‘Acomhal’ i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma

Ar 16 Feabhra, thug an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, cuairt inniu ar Bhéal an Átha Móir, Co. Liatroma, chun an tAcomhal a oscailt go hoifigiúil.

Bronnadh maoiniú de €2.47 milliún ar Chomhairle Contae Liatroma faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe chun an tionscadal a sheachadadh.

Tá athchóiriú déanta ag an tionscadal ar dhá fhoirgneamh liostaithe chun mol digiteach agus spás comhoibrthe a sholáthar, spás ealaíne chun na healaíona agus ceardaíocht áitiúil a chur chun cinn, chomh maith le háis óige.

Nascann an t-Acomhal go díreach le Glasbhealach an Chabháin agus Liatroma agus cruthóidh sé poist, forbróidh sé gnólachtaí áitiúla agus cuirfidh sé níos mó gníomhaíochtaí agus áiseanna sóisialta ar fáil do dhaoine sa cheantar chomh maith leo siúd a thagann ar cuairt.

Tagann an infheistíocht mar chuid de thiomantas an Rialtais d’athbheochan na mbailte tuaithe faoina Bheartas Forbartha Tuaithe, Ár dTodhchaí Tuaithe agus an Bheartas um Thús Áite do Lár an Bhaile a bhfuil sé mar aidhm aige níos mó daoine, gnó agus deiseanna infheistíochta a thabhairt go bailte na hÉireann.

Maidir leis an oscailt, dúirt an tAire Humphreys:

“Tá lúcháir orm The Junction i mBéal an Átha Móir a oscailt go hoifigiúil. Le tacaíocht €2.47 milliún ó Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe mo Roinne, tá dhá fhoirgneamh stairiúla

tar éis beocht a thabhairt do dhá fhoirgneamh stairiúla chun áiseanna a bhfuil géarghá leo a chur ar fáil don phobal.

“Is tionscadal iontach é seo a thabharfaidh beogacht agus gníomhaíocht mhéadaithe i lár an bhaile agus beidh buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha suntasacha aige don réigiún níos leithne.”

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: [gov - Our Rural Future: Minister Humphreys opens ‘The Junction’ in Ballinamore, Co.Leitrim \(www.gov.ie\)](http://www.gov.ie)

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

### 3. Uasdátuithe Scoile

a. OFI ag Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha



*“I mí Bealtaine 2024, beidh 19 scoláire ón Idirbhliain agus 5<sup>ú</sup> bliain agus 5 bhall foirne ag taisteal go dtí Uganda le Nurture Africa. Is eagraíocht Éireannach é Nurture Africa a oibríonn in Uganda le fócas ar chúram sláinte, oideachas, cosaint leanaí, comhionannas inscne agus cumasú eacnamaíoch trí oiliúint gnó agus tionscadail micrea-airgeadais. Agus muid in Uganda, feicimid na dúshláin a bhíonn ag na daoine áitiúla maidir le hathrú aeráide agus an bhochtaineacht. Feicimid fíor-neart agus díograis an phobail maidir le saolta a bpáistí a fheabhsú. Tá an t-ádh orainn léargas a fháil ar shaolta na ndaoine áitiúla agus muid ar cuairt ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa phobal, taithí a fháil ar a mbia, gcultúr agus tuilleadh. Le linn ár n-ama in Uganda, gheobhaimid an deis cuairt a thabhairt ar scoileanna áitiúla agus Ambasáid na hÉireann in Kampala chun bualadh le hambasadóir na hÉireann chun cúnamh na hÉireann le hUganda a phlé. Tá scoláirí ag oibriú go crua chun airgead a bhailiú dá gcuspóir aonair €2,900 le cur leis an tionscadal. Bhí imeachtaí tiomsaithe airgid ar siúl le linn na bliana, lena n-áirítear oíche d’Uganda a d’óstáil buaiteoir na hEoraifíse Niamh Kavanagh, díolacháin chistí, crannchuir agus níocháin chairr. Is deis iontach é an tionscadal seo do scoláirí go leor scileanna a fháil agus iad ag eagrú agus ag reáchtáil imeachtaí éagsúla. Is ionann an sprioc tiomsaithe foriomlán agus €55100 agus tá os cionn €40000 de sin bailithe cheana féin! D’oibrigh na scoláirí agus na baill foirne go crua agus chuir siad go leor iarrachta isteach in imeachtaí tiomsaithe a eagrú. Is deis é seo nach bhfaighfeá ach uair amháin i do shaol agus bhí a fhios agam nach féidir liom é a chaitheamh san aer. Creidim go mbainfimid go léir leas as an taithí seo, mar cuideoidh sé linn meas a bheith againn ar*


*gach rud atá againn agus nach ndéanfaimid dóigh dár n-oideachas, deiseanna, stíleanna maireachtála nó cúram sláinte riamh. Cuirfidh sé éifeachtaí an athraithe aeráide ar an domhan ar ár súile”*

Scríofa ag Samara Black Dunne (Scoláire 5<sup>ú</sup> bhliain)

**Nóta an eagarthóra:** Comhghairdeas le Coláiste Bhaile Mhic Éinigh! Buafaidh an scoil dearbhán One-For-All €500 chun a dtionscadail OFI a thacú.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

## b. OFI ag SS Michael agus Peter JNS an Inbhir Mhóir



*“Tá SS Michael agus Peter JNS an Inbhir Mhóir sásta a bheith ag cur tús lenár dturas mar scoil inbhuanaithe. Díreach i mbliana, thugamar go deonach faoi phlean inbhuanaitheachta scoile chun muid agus ár bpobal scoile a chur ar an eolas faoin ábhar tábhachtach seo. Chuireamar tús le hobair ar ghairdín scoile álainn, áit ina bhfoghlaímíonn ár scoláirí faoi bhia a fhás, an aimsir agus na séasúir. Tá ár n-uisce báistí féin á shábháil againn chun ár dtáirgí a bheathú agus déanann ár scoláirí, baill foirne agus oibríthe deonacha an phobail an obair ar fad. Tá trealamh faighte againn dár seomra ranga lasmuigh, binsí, cistineacha súgartha agus foirne tae. Tá ár scoláirí ag baint taitneamh as an fiadhúlra áitiúil chomh maith, go háirithe na beacha, feithidí agus éin inár n-óstán beach agus ár dtithe éin a mhúineann muid faoin inbhuanaitheacht. Faoi dheireadh, fuairéamar cúpla leabhar nua chun tús a chur lenár leabharlann inbhuanaitheachta. Táimid ag súil lenár ndul chun cinn a fhorbairt go ceann na mblianta”*



[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

c. Scoil Réalt na Mara – Turas go dtí an Fhrainc don Tionscadal Inbhuanaitheachta



Beidh daltaí ó Scoil Réalt na Mara sa Chill Mhór ag taisteal go dtí an Fhrainc an bhliain seo chugainn mar chuid de thionscadal a fhéachann lena dtuiscint ar a dtír dhúchais agus ar na tíortha comharsanachta a leathnú. Dar teideal ‘Inbhuanaitheacht Ár dTimpeallacht Cladaigh a Chur Chun Cinn’, leagfaidh an tionscadal béim ar shaincheisteanna áitiúla a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus féachfaidh sé le pobal na scoile sraith tionscadal a dhéanamh chun an cósta áitiúil a scrúdú.

Dúirt Príomhoide na Scoile Micheál Martin: “Cosúil le gach scoil, tá athrú suntasach tagtha ar ár scoil le blianta beaga anuas le sní isteach de dhaltáí nua agus múinteoirí nua curtha leis. Cé go bhfuil ár gcaighdeáin oideachais an-ard i gcónaí, is mian linn an tuiscint ar ár scoil a leathnú laistigh de chomhthéacs na timpeallachta agus an phobail áitiúil.

“Tugann ár suíomh in aice na farraige agus i ndobharcheantar mór deis dár bpobal ar fad níos mó a fhoghlaim faoinár gceantar agus é a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le ceantair eile san Eoraip, agus ag an am céanna foghlaim faoin ngá atá le cúram a thabhairt dár dtimpeallacht. An cladach. is ceantar móréilimh é gar dár scoil ach tá fadhb an athraithe aeráide agus an chreimthe cósta suntasach agus is mian linn aird a dhíriú ar na glúine atá le teacht.”

Tá traidisiún cúraim imshaoil ag Scoil Réalt na Mara tar éis di an scoil is glaine i Loch Garman a bhaint amach in 2023 agus an Brat Glas a bhronnadh ar an scoil seacht n-uaire. Cuirfidh an tionscadal isteach ar an scoil iarratas a dhéanamh ar dheimhniú Brat Gorm na hEorpa do Chúram Cósta.

“Is é an cuspóir uileghabhálach ná ár mbraistint den phobal scoile a fheabhsú i gcomhthéacs Eorpach i bhfianaise na n-athruithe ar an déimeagrafach laistigh dár scoil,” a dúirt an tUasal Martin. “Cinnteoigh soghluaisteacht na foirne agus freastal ar chúrsaí go bhforbróimid braistint de thionscnaimh rathúla ó phobail scoile in áiteanna eile san Eoraip agus ag deireadh an tionscadail beidh grúpa daltaí ag taisteal chun na Fraince in 2025.”

Tá ceachtanna Fraincise tosaithe ag an scoil le déanaí faoin gClár Abair Tá le Teangacha agus í ag ullmhú dá turas thar lear.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

## 4. Comórtais

### a. OFI go 2030 Comórtas Nuachtlitir an Mháirta – Roinn DO 3 Ghníomh Simplí!

I ngach eagrán den nuachtlitir OFI, roinnimid 3 Ghníomh Simplí Laethúil is féidir leat a dhéanamh chun difríocht a dhéanamh agus chun cabhrú lenár ndomhan a athrú ó bhonn go domhan atá níos inbhuanaithe agus níos rathúla.

Anois, táimid ag iarraidh cloisteáil uait! Cad a dhéanann tú chun tionchar dearfach a imirt ar bhonn laethúil? Seol do 3 ghníomh chuig [ESD@education.gov.ie](mailto:ESD@education.gov.ie) faoin **Aoine, 12 Aibreán** chomh maith le hainm agus seoladh do scoile, agus is féidir leat Dearbhán One-For-All €500 le haghaidh Obair OFI i do Scoil a bhuachan!

Foilseoimid rogha de na gníomhartha in eagrán na Bealtaine de nuachtlitir OFI.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

### b. Buaiteoir Comórtais na Nollaig - Comórtas Páirceanna Náisiúnta



Ba é Scoil Chroí Barr Dubh, Lios na gCeann, Cill Airne, Co. Chiarraí an iontráil ranga rathúil i Nuachtlitir OFI na Nollaig – Comórtas Páirceanna Náisiúnta.

Is iad na sé pháirc náisiúnta, a d'aithin scoláirí rang 5 agus 6 i gceart ná:

Boirinn i gCo. an Chláir

Conamara i gCo. na Gaillimhe

Gleann Bheatha i gCo. Dhún na nGall

Cill Airne i gCo. Chiarraí

Sléibhte Chill Mhantáin i gCo. Cill Mhantáin

Agus chuig

Néifinn Fiáin i gCo. Mhaigh Eo.

Comhghairdeas leis an rang agus múinteoir Claire O'Halloran a bhuaigh cuairt treoraithe ar Pháirc Náisiúnta Chill Airne. Táimid ag súil le cloisteáil faoin gcuart agus an méid a d'fhoghlaim siad sna heagrán amach anseo.



Míle buíochas leis an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra as a gcomhoibriú ar an gcomórtas seo.

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

### c. Buann Éire an phríomhdhuais ag an gcomórtas Idirnáisiúnta Junk Couture don dara bliain as a chéile.



Comhghairdeas le Pobalscoil an Mhóta a bhuaigh an phríomhdhuais World Designer of the Year, ag an gcomórtas Idirnáisiúnta Junk Couture le déanaí i Monacó lena ndearadh #TagMe.

Is comórtas faisin éicea-chomhfhiosach é Junk Kouture a ligeann do mheánscoileanna ar fud na tíre saothair a dhearadh, a chruthú agus a chur ar taispeáint - agus iad go léir déanta as earraí athchúrsáilte.

Bhí an dearadh a bhuaigh déanta as 2,500 clib sampla datha plaisteach a bhí fuaite de láimh. Is minic a chríochnaíonn na samplaí seo i líonadh talún ar deireadh, mar is deacair iad a athchúrsáil mar gheall ar na dathanna éagsúla.

Bhuaigh Cnoc Mhuire ó Ghránard sa Longfort World Designer of the Year ag Junk Couture 2022 lena ndearadh "Back to the Future".

[Ar ais go barr an leathanaigh](#)

### d. Bithéagsúlacht i Scoileanna – Wildwalls!

# wildwalls

creative spaces for nature

Tá iarratais oscailte faoi láthair do Wildwalls. Is comórtas deartha é seo a bhfuil téama dúlra ag baint leis a iarrann ar dhaoine óga ar fud na hÉireann spásanna don dúlra a athshamhlú go cruthaitheach.

Tugtar cuireadh do scoláirí múrmhaisiú balla a dhearadh dá scoil a chuireann daoine ar an eolas faoi bhithéagsúlacht, ach a chomhtháthaíonn gnéithe chun an fiadhúlra áitiúil a thacú. Tá sé ríthábhachtach a bheith cruthaitheach le spásanna beaga, dearmadta nó fiú ceartingearacha agus go háirithe do scoileanna inar féidir le spás a bheith teoranta.

Tá duaiseanna ar fiú €5,000 iad ar fáil, lena n-áirítear múrmhaisiú scoile ag ealaíontóir proifisiúnta, córas gairdín ceartingearach faoi dhíon, comharthaí fiadhúlra, ceardlanna agus trealamh teagaisc.

Tá na catagóirí oscailte do réamhscoileanna, bunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna baile i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

Chun bileog iontrála agus póstaer/ bileog conaire dúlra SAOR IN AISCE a íoslódáil, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin <https://www.biodiversityinschools.com/wildwalls.html>

## e. Buaigh Bosca Dúlra SAOR IN AISCE!



Tá Bithéagsúlacht i Scoileanna ag tairiscint deis do scoil ádhúil amháin Bosca Dúlra a bhuachan dá rang! Féach [Bosca Dúlra \(biodiversityinschools.com\)](http://biodiversityinschools.com)

Chun deis a bheith agat an duais a bhuachan, freagair an cheist seo a leanas agus seol d'fhreagra, chomh maith le hainm agus seoladh do scoile, i ríomhphost chuig [ESD@education.gov.ie](mailto:ESD@education.gov.ie) roimh an **Aoine, 12 Aibreán 2024**.

C: Cén t-éan a thaistealaíonn os cionn 9,000km go hÉirinn ón Afraic theas gach earrach?

A: \_\_\_\_\_

[Ar ais go dtí an barr](#)

## f. Bord na Móna – Comórtas Uaschúrsála na Scoileanna

# Bord na Móna

Tá Athchúrsáil Bhord na Móna ag cur fáilte roimh iarratais faoi láthair ar a [gComórtas Uaschúrsála do Scoileanna](#), dúshlán oideachasúil a dearadh chun ardán a chur ar fáil do scoláirí bunscoile daoine a chur ar an eolas faoi uaschúrsáil mar chleachtas atá oiriúnach don timpeallacht, agus cruthaitheacht agus smaoineamh nuálach a chur chun cinn. Tá Athchúrsáil Bhord na Móna tiomanta don oideachas timpeallachta agus cuireann siad cur i láthair ranga, acmhainní oideachais agus pacáistí eolais ar fáil do scoileanna chun oideachas a chur ar na glúnta amach anseo maidir le hathchúrsáil.

**Bord na Móna**  
bnmrecycling.ie

**SCHOOLS**

# Upcycling Competition



**WIN A CLASS TRIP TO** Bord na Móna **LoughBoora** DISCOVERY PARK & Bord na Móna **Mountlucas Wind Farm** 

Calling all schools! Bord na Móna Recycling invite entries to the 'Schools Upcycling Competition', an educational challenge designed to provide students with a platform to raise awareness about upcycling as an environmentally friendly practice while fostering creativity and innovative thinking. Schools are encouraged to show their ability to repurpose discarded materials into innovative and functional creations.

The winning school of the Bord na Móna Recycling 'Schools Upcycling Competition' will receive a prize of €5000.

Furthermore, students from the winning class will receive a guided tour of Bord na Móna's Lough Boora Discovery Park in Offaly which includes entry to the sculpture park and a field study, including a nature walk and examination of local flora and wildlife. The winning class will also receive a guided tour of Bord na Móna Mountlucas Wind Farm, including entry to its interactive learning hub, a VR turbine tour, and the chance to see a turbine up close.



## Eligibility:

- The competition is open to students from primary schools in the Republic of Ireland only.
- Entries can be made individually, in teams, or as a class.
- Only one entry per student is permitted.
- Entries must not contain hazardous waste or any material that could harm students.
- Participants must use materials that would typically be considered waste or discarded items.
- Suggested categories include but are not limited to; Home Decor, Fashion and Accessories, Functional Tools or Gadgets and Artistic Creations.
- See full terms and conditions below.

## To Enter

Download the entry form below.

Email your completed form and photos of your entry to [marketing@bnm.ie](mailto:marketing@bnm.ie)

Closing date - 01/05/24



[Ar ais go dtí an barr](#)

## g. Scoileanna Saoránachta Domhanda “Comórtas Físeáin Nóiméid Amháin” - Cuairt Scoileanna ar Áras an Uachtaráin.



Cuireann Scoileanna Saoránachta Domhanda (SSD) príomhshruthú Oideachas Saoránachta Domhanda chun cinn

i scoileanna agus tacaíonn siad le múinteoirí agus le scoileanna gníomhaíocht chuí atá bunaithe ar chearta daonna a ghlacadh faoi cheisteanna náisiúnta agus domhanda i dtaca le ceartas, comhionannas agus inbhuanaitheacht.

Baineann an tionscadal Físeáin Nóiméid Amháin de chuid SSD le scoileanna a bheith ag déanamh físeáin an-simplí a mhaireann nóiméad amháin faoin méid a rinne an scoil faoi na Spriocanna Domhanda (SFlanna). Ina dhiaidh sin, roinneann SSD na físeáin sin le múinteoirí agus le scoileanna eile le spreagadh a thabhairt dóibh gníomh a dhéanamh den fhoghlaim ar scoil.

### **Ócáid Náisiúnta Seóthaispeántais in Áras an Uachtaráin**

Tá Scoileanna Saoránachta Domhanda ag eagrú seóthaispeántas náisiúnta d'Fhíseáin Nóiméid Amháin i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh leis an Uachtarán Micheál D. Ó hUiginn in Áras an Uachtaráin.

Is é an plean imlíneach ná go mbeadh cúigear ionadaithe (beirt daoine fásta agus beirt daltaí) as 17 scoil a roghnófar go hionchuimsitheach ag freastal ar ócáid náisiúnta seóthaispeántais i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh - ar dháta atá le socrú go fóill.

Déan an **Cód QR** thíos a **scanadh** chun iarratas a dhéanamh.

**Is é an dáta deiridh d'fhíseáin ná an 24 Aibreán**



[www.GlobalCitizenshipSchool.ie](http://www.GlobalCitizenshipSchool.ie) nó [info@GlobalCitizenshipSchool.ie](mailto:info@GlobalCitizenshipSchool.ie)

**Nóta ón Eagarthóir:** Bhí áthas ar an Roinn Oideachais tacaíocht a thabhairt don tionscnamh seo trí mhaoiniú OFI go dtí 2030.

[Ar ais go dtí an barr](#)

## h. ECO-EOECNA – Gradaim an Chomhshaoiláí Óig, 2024



### **ECO-EOECNA - Ag caomhnú an chomhshaoil, ag cumasú daoine óga**

Díríonn ECO-EOECNA an paisean agus an fuinneamh atá ag daoine óga i dtreo ghníomhú ar son an chomhshaoil agus chuige sin a gcuid eolais, a gcuid scileanna agus a meonta a fhorbairt. Agus iad ag obair le daoine óga idir 10 agus 25 bliain d'aois, réachtálann siad réimse leathan de shainchláir shuimiúla, ar cláir iad a thacaíonn le daoine óga agus a thugann scileanna dóibh chun gníomhú go dearfach ar son an chomhshaoil.

### **ECO-EOECNA – Gradaim an Chomhshaoiláí Óig:**

I mbliana, tá an 25ú bliain ina bhfuil daoine óga ag glacadh páirte i dtionscadail um ghníomhú ar son an chomhshaoil i bpobail ar fud na tíre á comóradh go bródúil acu. Go dtí seo, bhí siad rannpháirteach le breis agus 60,000 athraitheoir óg tríd an gclár. Catalaíoch

don ghníomhú ar son an chomhshaoil is ea YEA, a spreagann rannpháirtíocht na hóige i gceisteanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe amhail athrú aeráide, bithéagsúlacht, fuinneamh agus caomhnú uisce. Tríd an tionscnamh seo, tá súil ag ECO-EOECNA gníomhartha dearfacha a spreagadh, eolas ar an gcomhshaoil a mhéadú, borradh a chur faoin bhféinmheas, agus scileanna ceannaireachta a chothú i ndaoine óga. Glacann rannpháirtithe as gach áit in Éirinn páirt in ECO-Dens, babhtáí leathcheannais YEA, ina dtugtar deis dóibh teacht agus cur i láthair a dhéanamh os comhair painéal saineolaithe i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin. Tá deis ag daoine óga a bheith páirteach i mBabhtáí Ceannais agus Seóthaispeántas YEA a bheidh ar siúl i mí na Bealtaine 2024 agus a bheith in éineacht leo chun ceiliúradh a dhéanamh ar 25 bliain de ghníomhaíocht éiceolaíoch.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoina gclár YEA, tabhair cuairt ar [www.ecounesco.ie](http://www.ecounesco.ie)

### **Clár ECO -EOECNA – An Óige ar son Forbairt Inbhuanaithe – ag múnú saol an lae amárach inniu!**

In earnáil an oideachais neamhfhoirmiúil, cuireann a gClár An Óige ar son Forbairt Inbhuanaithe an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun tionchar buan a imirt ar phobail, ar fáil do dhaoine óga. Tá líonra de dhaoine cumasaithe á chruthú ag a bhfoireann ar fud na hÉireann, agus iad tiomanta don fhorbairt inbhuanaithe. Tá clubanna ag foireann YSD i mBaile Átha Cliath agus i nDroichead Átha agus tá an-áthas orthu a fhógairt anois go bhfuil clubanna nua á seoladh acu anois i nGaillimh, Corcaigh agus Maigh Nuad.

Tá ECO - EOECNA i mbun earcaíocht ghníomhach agus iad ag lorg oibrithe deonacha dá gclub i gCorcaigh, atá suite ag Club Rainbow i Machain i gCorcaigh agus mar sin má tá aithne agat ar dhuine ar bith atá díograiseach maidir le forbairt inbhuanaithe, a bhfuil fonn air/uirthe a c(h)uid eolais a roinnt, tabhair scéal dóibh ag [ysd-project@ecounesco.ie](mailto:ysd-project@ecounesco.ie)

### **Ceardlanna Saineolaíoch Comhshaoil**

Tá a gceardlanna ar fáil do scoileanna agus do ghrúpaí óige, agus dearadh gach ceardlann ar mhaithe le daoine óga a chumasú chun tuilleadh a fhoghlaim faoi thopaicí comhshaoil ar bhealach atá idirghníomhach agus dearfach. I measc na dtopaicí tá Fócas ar Fhaisean, Bia don Todhchaí, Laochra Dramhaíola agus chomh maith leis sin tá gníomhaíochtaí spraoi agus cluichí a dearadh do gach aoisghrúpa.

Tá fáil ar a gcuid ceardlann trí mhodhanna soláthair solúbtha agus is féidir iad a dhéanamh go pearsanta i scoileanna agus in ionaid óige nó trí sholáthar ar líne, atá oiriúnach d'aoisghrúpa ar bith, atá in ann freastal ar líon scoláirí suas go dtí 30 agus a mhaireann tuairim is 1.5 – 2 uair an chloig. Bíonn cur chuige bunaithe ar réitigh á lorg acu maidir le fadhbanna dúshlánacha comhshaoil ar bhealach atá idirghníomhach agus suimiúil. Foghlaim tuilleadh faoina gceardlanna <https://ecounesco.ie/10-18-youth-programmes/environmental-workshops/>

### **Campaí Cásca**

Tá campaí Cásca atá suimiúil agus spreagúil á reáchtáil ag ECO-EOECNA do dhaoine óga thar shaoire na Cásca chun teacht ar an dúlra i lár na cathrach! Tá siad dírithe ar inbhuanaitheacht agus ar bhithéagsúlacht agus beidh deis ag daoine óga blaiseadh a fháil den chomhshaoil áitiúil agus scileanna tábhachtacha comhshaoil a fhoghlaim. Cláraigh inniu trí ríomhphost a sheoladh chuig [bookings@ecounesco.ie](mailto:bookings@ecounesco.ie)

### **Campa Cásca na nDéagóirí Glasa**

Daoine óga idir 13-16 bliana d'aois. Dé Luain 25 – Déardaoin 28 Márta 2024 @ 10:00-15:00, €160 in aghaidh an rannpháirtí.

## **Campa Cásca ECO-Thaiscéalaithe**

Daoine óga idir 10-12 bhliain d'aois. Dé Máirt 2 Aibreán – Dé hAoine 5 Aibreán 2024 @ 10:00-15:00, €160 in aghaidh an rannpháirtí.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi cheann ar bith dá gcláir nó dá mba mhian leat a bheith páirteach, déan teagmháil, le do thoil, le [info@ecounesco.ie](mailto:info@ecounesco.ie), tabhair cuairt ar a suíomh gréasáin [www.ecounesco.ie](http://www.ecounesco.ie) nó glaoigh orthu ar 01 6625491.

[Ar ais go dtí an barr](#)

## **i. Comórtas Póstaer na Scoileanna Glasa – Fógraíodh an Buaiteoir**

Ag tús na Bliana Acadúla 2023/2024, fógraíodh Comórtas Póstaer na Scoileanna Glasa/Pleanála Spásúlachta Muirí agus fuarthas breis agus 2,500 iontráil ó Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna ar fud na tíre.

Faoin gceannteideal “Cad ba mhaith liom a fheiceáil don Fharráige”, ba í aidhm an chomórtais ná fáil amach conas a theastaigh ó mhic léinn ar fud na tíre go n-úsáidfidís ár bhfarraigí agus ár n-aigéin amach anseo. Iarradh orthu machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí éagsúla a oibríonn go maith le chéile ar muir; plandaí agus ainmhithe a chónaíonn ar an gcladach agus san aigéan, chomh maith le cén fáth agus conas is féidir linn an t-aigéan a chosaint don toadhcháil.

Bhí neart tallann ealaíonta na mac léinn le feiceáil go hiomlán agus rinne sé seo an-deacair dár mbreithiúna buaiteoirí na gcatagóirí agus an dara háit a roghnú. Seo a leanas na catagóirí: Naíonáin (Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha); Bunscoil Shóisearach (Rang 1 – 3); Bunscoil Shinsearach (Rang 4 – 6) agus Meánscoil (1ú – 6ú Bliain). Féach ar ár mbuaiteoirí thíos.


I measc na nduaiseanna bhí Ceardlann Ealaíne do rang na mbuaiteoirí, leaganacha frámaithe dá gcuid póstaer chomh maith le teastais agus Dearbháin One4All. Chuir scoileanna atá ag obair ar théama Timpeallachta Mara na Saoránachta Domhanda don bhliain acadúil 2023/2024 agus iad siúd a bhfuil a mBratach Mara bainte amach acu cheana féin isteach ar an gcomórtas.

Bhí searmanas bronnta na nduaiseanna ar siúl in Óstán an Radisson, An tOileán Beag, Corcaigh ar an 19 Eanáir 2024 i measc an sceitimíní agus tuismitheoirí, siblíní agus múinteoirí araon i láthair. Thairfead an tAire Stáit le freagracht as Rialtas Áitiúil agus Pleanáil, Kieran O'Donnell TD teachtaireacht físe ag comhghairdeas leis na buaiteoirí ar fad. Bhí ionadaithe ó Rannóg Pleanála Mara na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus An Taisce i láthair freisin.





**Above:** Infants Poster Winners - (Junior & Senior Infants):  
1st place: Gus McDonald, Newtown Junior School, Waterford City.



**Above:** Junior Primary Poster Winners - (1st – 3rd Class):  
1st place: Summerly Liyange, St Joseph's N.S., Kingscourt, Co. Cavan.



**Above:** Secondary School Poster Winners (1st – 6th Year):  
1st place: Esier Bairova, Corran College, Ballymote, Co. Sligo.




**Above:** Senior Primary Poster Winners – (4th – 6th Class)  
1st place: Ella O'Neill, Coars N.S., Cahersiveen, Co. Kerry.

## 5. Cláir, Acmhainní agus FGL

### a. Trí Ghníomh Shimplí – SFI 7 - Fuinneamh Inacmhainne agus Glan

Tá trí ghníomh shimplí thíos is féidir leat a dhéanamh gach lá chun tacú le **SFI 7: Fuinneamh Inacmhainne agus Glan:**

**7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY**



19. Cover the pan when cooking, it lowers the energy needed to boil water by 75%

20. Only fill the kettle with the amount of water you need

21. Turn off plug switches when going on holiday

[Ar ais go dtí an barr](#)

## b. WWGS – Comhdháil Bhliantúil Múinteoirí - 1 Feabhra



### Cothaíonn Scoileanna Dlúthpháirtíocht i gContae Laoise

Coincheap leathan is ea dlúthpháirtíocht, a úsáidtear go forleathan ach a bhfuil sé deacair méar a leagan air. Ag an gComhdháil Náisiúnta Múinteoirí a bhí á reáchtáil ag [Scoileanna Domhanda WorldWise](#) i mí Feabhra, bhailigh beagnach nócha múinteoir iar-bhunscoile le chéile chun dlúthpháirtíocht a chothú, ina saol pearsanta agus ina scoileanna.

Tugann Dlúthpháirtíocht daoine le chéile agus iad ar chomhchéim chun córais atá mar chúis le héagóir dhomhanda a athrú. Tá sí mar bhonn le forbairt inbhuanaithe agus ar cheann de na Prionsabail Threoracha atá ag an Oideachas um Shaoránacht Dhomhanda (OSD) do WWGS, clár náisiúnta OSD Chúnamh Éireann d'iar-bhunscoileanna. Tá cur chuige na dlúthpháirtíochta i gcodarsnacht le cur chuige na carthanachta: sreabhadh 'cúnaimh' aonbhealaigh ó dheontóir ceannasach chuig faighteoir díchumhachtaithe.

I dtailte áille [Ionad Cúrsa Spioradálta De La Salle](#), i gContae Laoise, bhí múinteoirí ag siúl agus ag comhrá ina mbeirteanna agus iad ag roinnt scéalta faoina dturais phearsanta i dtreo na dlúthpháirtíochta. Agus úsáid á baint acu as modheolaíocht [Scéal 4](#), chothaigh siad comhbhá dhomhain agus scileanna doimhne éisteachta agus scéal a gcomhpháirtí á insint arís acu do lucht éisteachta níos leithne. I gceardlanna a bhí á reáchtáil ag cleachtóirí in eagraíochtaí neamhrialtasacha, rinne siad iniúchadh ar bhealaigh chun borradh a chur faoin dlúthpháirtíocht sa seomra ranga, idir comhbhá a spreagadh, dúshlán steiréitíopaí a thabhairt agus córais chumhachta éagóracha a athrú ó bhonn. I ndiaidh aonach taispeántas de chuid na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, inar nasc múinteoirí le baill foirne ó chúig cinn déag d’eagraíochtaí neamhrialtasacha, roinneadh tuairimí chun dlúthpháirtíocht a chothú ina gcuid scoileanna. Lá iontach a bhí ann don nascacht, don chruthaitheacht agus ar ndóigh don dlúthpháirtíocht.

## **Gairm Bhliantúil WWGS ar Dheontas**

Próiseas iarratais ar líne is ea Gairm Bhliantúil WWGS ar Dheontas agus osclófar é ar an 19 Aibreán agus dúnfar é ar an 19 Bealtaine 2023. Ní mór do scoil, Cnuasach Scoileanna, Líonra Scoileanna nó Eagraíocht Neamhrialtasach ar bith atá ag déanamh iarratais ar mhaoiniú Tuairisc dheiridh bliana ar dheontas na bliana roimhe sin a chomhlánú. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach [Who Can Apply - WorldWide Global Schools \(worldwiseschools.ie\)](#)


## **c. Scéim um Aisíoc Táillí do Mhúinteoirí**

Eisíodh ciorclán nua (0005/2024) maidir leis an scéim um Aisíoc Táillí do mhúinteoirí ag tús mhí Eanáir: [gov.ie - Teacher Fee Refund Scheme 2023 \(www.gov.ie\)](#)

Cuimsíonn an scéim cúrsaí ar Oideachas i réimse na hInbhuanaitheachta do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile.

Seiceáil ár liosta de chúrsaí FGL do mhúinteoirí ar shuíomh gréasáin [OFI go dtí 2030](#) Má tá cúrsaí eile ann a bhfuil eolas agat orthu, cuir ar an eolas iad agus cuirfidh siad leis an liosta iad.

## **d. Acmhainn um Athrú Aeráide do Bhunscoileanna**



Beidh cóip den leabhar **'Teaching Climate Change in Primary Schools: An Interdisciplinary Approach'** le buachan ag an gcéad 10 mbunscoil a sheolann ríomhphoist chuig [ESD@education.gov.ie](mailto:ESD@education.gov.ie) Cinntigh, le do thoil, go mbeidh ainm agus seoladh do scoile agus uimhir theagmhála theileafóin san áireamh agat.

Soláthraíonn an leabhar tábhachtach tráthúil seo forbheathnú ar athrú aeráide agus leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas um athrú aeráide a áireamh i mbunscoileanna. Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá cineálacha cur chuige oideolaíoch traschuraclaim ina ndírítear ar cheartas aeráide, ag soláthar cúnamh dhomhain do leanaí idir 3-13 bliana d'aois a theagasc.

Agus é bunaithe ar thaighde cothrom le dáta, cabhraíonn an leabhar le múinteoirí fanacht dílis d'eolaíocht an athraithe aeráide agus gan a bheith ró-dhian ar pháistí. In éineacht le hacmhainní ar líne, cuimsíonn an leabhar seo smaointe praiticiúla agus éasca le leanúint agus pleananna ceachta a chabhróidh le múinteoirí oideachas ar athrú aeráide a chuimsiú ina seomraí ranga ar bhealach iomlánaíoch, traschuraclaim. Tugann caibidlí sonracha aghaidh ar na hábhair seo a leanas:

- Cur chuige idirdhisciplíneach maidir le hathrú aeráide
- Oideachas na luath-óige
- Oideolaíochtaí dóchais
- An tábhacht a bhaineann le cleachtas machnamhach
- Smaointe le hoideachas ar athrú aeráide a áireamh i réimsí curaclaim mar litearthacht, tíreolaíocht, eolaíocht, stair agus na healaíona

Tá an acmhainn seo deartha chun oideachas um athrú aeráide a chur chun cinn i mbunscoileanna, agus cabhróidh an acmhainn seo le bunmúinteoirí, múinteoirí faoi oiliúint, speisialtóirí tíreolaíochta agus gach duine ar spéis leo oideachas ar athrú aeráide a gcuid eolais choincheapúil féin agus eolas na bpáistí ina rang a fhorbairt.

[Ar ais go dtí an barr](#)

## e. Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann - FGL um Theagasc an Dúlra



Susan Adams  
Education for Sustainability

### Treochlár don Inbhuanaitheacht: Acmhainn a Dhíghlasáil le Tacar Uirlisí na Scoileanna agus na bPríomhoidí

An bhfuil tú díograiseach maidir le hinbhuanaitheacht a chothú laistigh de do phobal scoile? Tháinig Oideachas don Inbhuanaitheacht agus LISÉ le chéile chun Ardán na Scoileanna agus na bPríomhoidí a thabhairt isteach, tacar uirlisí nuálacha chun ceannairí scoile a chumasú chun riachtanais nua na Roinne Oideachais i dtaca leis an 'Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe' a shásamh.

Feidhmíonn a nArdán Príomhoidí mar acmhainn an-luachmhar, a sholáthraíonn treoir chuimsitheach ar fud fhearainn inbhuanaitheachta an churaclaim, an champais agus an phobail. Tuigeann Oideachas don Inbhuanaitheacht an tábhacht a bhaineann le hailíniú le creat na Roinne agus tá a n-ardán saincheaptha chun tacú le príomhoidí agus scoileanna ag gach céim den bhealach.

Ach teastaíonn do chabhair uathu chun go mbeidh tionchar láidir ag an tionscnamh seo. Tá siad ag lorg scoileanna a bhfuil fonn orthu a gcuid iarrachtaí a chur ar taispeáint san Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe. Féadfaidh do scéalta rathúla agus do thionscadail nuálacha oideoirí ar fud an domhain a spreagadh chun glacadh leis an inbhuanaitheacht ina scoileanna féin.

An mbeifeá toilteanach turas do scoile a roinnt le físeán gearr? Tá siad anseo chun cabhair agus tacaíocht a sholáthar ag gach céim den bhealach. Má tá suim agat ann, déan teagmháil le Sue, le do thoil, ag [sue@educationforsustainability.ie](mailto:sue@educationforsustainability.ie). D'fhéadfadh do chuid rannpháirtíochta difríocht shuntasach a dhéanamh!

Tá cás-staidéir sna réimsí seo a leanas á lorg go sonrach acu:

#### D'IAR-BHUNSCOILEANNA:

- Cás-staidéir churaclaim san adhmaadóireacht, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.
- Cás staidéir phobail do LADTA+, Frithbhulaíocht, Spásanna sábháilte, Comhionannas agus Éagsúlacht, Oideachas um Shaoránacht Dhomhanda.

#### DO BHUNSCOILEANNA:

- Cás-staidéir champais do dhramháil, bithéagsúlacht, fuinneamh, soláthar, lónadóireacht, taisteal agus uisce.

- Cás-staidéir churaclaim faoi cheann ar bith de na réimsí curaclaim, – teanga, STEM, SEE, na healaíona, folláine, reiligiún.
- Cás staidéir phobail do LADTA+, Frithbhulaíocht, Spásanna sábháilte, Comhionannas agus Éagsúlacht, Oideachas um Shaoránacht Dhomhanda, Naisc le grúpaí pobail

D'fhéadfadh do rannchuidiú a bheith mar chatalaíoch don athrú dearfach san oideachas. Ná bíodh leisce ort teacht chun tosaigh agus a bheith mar chuid den turas bunathraitheach seo!

[Ar ais go dtí an barr](#)

## f. Uisce Críonna– Foghlaim faoi Uisce i gCúig Cheacht



### 1 Learn about the water cycle

[Introduction to the Water Cycle](#) with a short cloze activity at the end of this PDF.

### 2 Learn about river catchments

We all live in a river catchment. [This short-animated video](#) explains what a river catchment is.

**Discussion point:** what catchment do you live in?  
Find out at [www.catchments.ie](http://www.catchments.ie)




### 3 Learn about water quality

From the EPA [www.catchments.ie](http://www.catchments.ie) website this short video tells what 'good ecological status' means and why it is important.

**Discussion point:** what is a clean river? Find out about your local river water quality at [www.catchments.ie/map](http://www.catchments.ie/map)

Ecological Wonder of Water the bugs that live in rivers need clean water, learn more in this short video.

**Discussion point:** what do fish eat?



#### 4 Learn about water services

The Story of Water is a [45 minute video](#) from Uisce Éireann on how water services is provided in Ireland:

**Discussion point:** how is drinking water treated and what happens after you use it?



#### 5 Learn what we can do to protect water

[Water Matters at Home](#) is a short-animated video (3 minutes) about how we are connected to water, our impact on it and how we can protect it.

**Discussion point:** what action can I take to protect water and nature?



An Fóram Uisce – the Water Forum is the national statutory body representative of stakeholders with an interest in the quality of Ireland’s waters. Find more learning resources at [www.thewaterforum.ie](http://www.thewaterforum.ie)

## g. Bithéagsúlacht i Scoileanna



Fiontar sóisialta is ea ‘Bithéagsúlacht i Scoileanna’ a chumasaíonn an chéad ghlúin eile chun cuidiú leis an dúlra agus chuige sin a thugann an cúnamh atá de dhíth orthu dóibh.

